**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1330 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Iúil 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine-Bissau ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Bealtaine 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

(2) Measann an Chomhairle gur cheart naonúr a bhaint de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 119, 4.5.2012, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012, scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

“6. An Ginearál Augusto MÁRIO CÓ

7. An Ginearál Saya Braia Na NHAPKA

8. An Coirnéal Tomás DJASSI

9. Cranha DANFÁ

10. An Coirnéal Celestino de CARVALHO

14. Tcham NA MAN (dá ngairtear freisin Namam)

15. An Maor Samuel FERNANDES

18. Ceannasaí (Cabhlach) Agostinho Sousa CORDEIRO

20. Leifteanant Lassana CAMARÁ”.